

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

An Teastas Sóisearach

Tíreolaíocht

Treoirlínte do Mhúinteoirí

An Teastas Sóisearach

Aidhmeanna agus Prionsabail

1. Is é aidhm ghinearálta an oideachais oibriú ar mhaithe le gach gné den duine aonair a shaothrú. Ar na gnéithe sin áirítear an ghné aestéitiúil, chruthaitheach, léirmheastach, chultúrtha, mhothálach, intleachtúil, mhorálta, fhisiceach, pholaitiúil, maraon le forás spioradálta agus sóisialta le haghaidh a shaoil phearsanta, sa teaghlach agus ar láthair na hoibre, agus le haghaidh maireachtála imeasc an phobail agus le haghaidh caitheamh aimsire.
2. Is í aidhm an Teastais Shóisearaigh
 - an t-eolas, an tuiscint, na scileanna agus na hinniúlachtaí a thugann an dalta leis ón mbunscoil a dhaingniú agus a shaothrú a thuilleadh;
 - raon agus cineál eispéireas oideachais na ndaltaí, ó thaobh eolais, tuisceanna, scileanna agus inniúlachtaí a leathnú agus a dhoimhniú;
 - iontaoibh an dalta as féin, maraon le hiontaoibh sóisialta, cumas tionscnaimh agus inniúlachta, a chothú le cabhair oideachais ghinearálta atá leathan agus meáite;
 - an dalta a ullmhú le haghaidh riachtanas cláracha breise staidéir, fostaíochta nó an tsaoil lasmuigh d'oideachas lánaimsearach;
 - forás morálta agus spioradálta an dalta a chothú agus cabhrú leis teacht ar thuiscint ar luacha agus ar chreideamh daoine eile maraon le meas a bheith aige orthu;
 - na daltaí a ullmhú le haghaidh cúraimí an tsaoránaigh ina dtír féin agus i gComhphobal na hEorpa.
3. Tá na prionsabail seo a leanas mar bhonn le clár an Teastais Shóisearaigh.
 - é a bheith leathan agus meáite: ba cheart go dteagmhódh na daltaí le réimse leathan eispéireas oideachais le linn na tréimhse deireanaí dá gcuid scolaíochta éagantaí. Ba cheart cúram faoi leith a dhéanamh de dhaingniú agus de shaothrú scileanna uimhríochta, litearthachta agus labharthachta. Ba cheart treise faoi leith a chur le

hoideachas sóisialta agus timpeallachta, le heolaíocht agus le teicneolaíocht agus le nuatheangacha.

- ábharthacht: ba cheart go ndíreodh an curaclam ar ghar-riachtanais agus ar chianriachtanais an dalta ó thaobh na timpeallachta cultúrtha, eacnamaíche agus sóisialta.
- fiúntas: ba cheart go n-éileofaí ar gach dalta na céimeanna feabhais is airde is féidir leis a bhaint amach, ag cur infheidhmeacht agus cumas san áireamh, maraon le caighdeáin idirnáisiúnta inchomórtais.

Ba cheart go soláthródh an curaclam réimse leathan eispéireas oideachais i dtimpeallacht a chruthaíonn cothú agus múnlú. Ba cheart go mbainfeadh sé brí astu seo a leanas: an aeistéitic, an chruthaíocht, an eitic, teangeolaíocht, matamaitic, an saol fisiceach, an eolaíocht agus an teicneolaíocht, an saol sóisialta agus polaitiúil, an imshaol agus an saol spioradálta.

4. Cuirtear gach siollabas le haghaidh an Teastais Shóisearaigh i láthair chun go ndéanfaí é a theagasc sa chomhthéacs curaclaim atá leagtha amach thuas.

Brollach

Aithnítear go bhfuil gá le treoiríníte chun cabhrú le múinteoirí siollabais nua don Teastas Sóisearach a chur i gcrích. Tá na treoracha seo á gcur amach anois chuig scoileanna mar chuid de chlár tacaíochta níos forleithne. Is mian leis an Aire Oideachais a léirithiscint a chur in iúl d'obair na Comhdhála Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, de na baill de na coistí cúrsa éagsúla, de na hOifigigh Oideachais ceapaithe ag an gComhdháil agus de dhaoine eile a chabhraigh le forbairt na n-ábhar seo – go háirithe d'Fhoireann Chigireachta na Roinne agus do léiritheoirí agus rannpháirtithe ag na cúrsaí inseirbhíse a tionóladh san Earrach, 1989.

Níl na treoiríníte seo seanbhunaithe. Tá gach múinteoir aonair saor chun a m(h)odheolaíocht roghnaithe a thoghadh, chun spriocanna sonraithe áirithe agus torthaí inmhianaithe de gach siollabas nua a chur i gcrích. Tugann na treoiríníte seo roinnt moltaí a thabharfaidh cabhair bhreise, b'fhéidir, do mhúinteoirí. Tugtar aire speisialta do limistéir eolais, do thuiscint, scileanna, choincheapa agus do dheacaidh a threisiúnn an siollabas nua níos mó ná roimhe seo.

Sa chomhthéacs sin meastar go bhfuil sé inmholta gnéithe tábhachtacha áirithe, ar chóir dóibh a bheith mar mhéirín eolais do mhúineadh agus d'fhoghlaim an tsiollabais nua, a threisiú –

- ba chóir gach siollabas a theagasc le tagairt chomhfhiúsach d'aidhmeanna foriomlána an chlár don Teastas Sóisearach (féach taobh istigh den chlúdach tosaigh). Tá an-chuid deiseanna ann le haghaidh nasc traschuraclaim : ba chóir feidhm a bhaint astu seo trí chomhphleanáil mhúinteora agus trí stuaim an mhúinteora aonair.
- ba chóir go gcuirfeadh cleachtas múinteoireachta chun suntais na himpleachtaí eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha de bhallraíocht an Chomhphobail Eorpaigh agus na dubhshláin agus deiseanna a sholáthraíonn sé laistigh de chomhthéacs cathróireachta níos leitheadúla. Tá ábhair mar Eagrú Gnó agus Stair agus Tíreolaíocht go rí-thábhachtach sa chiall seo ach ba chóir go comhshnaidhfeadh múinteoireacht an uile-ábhair an buntomhas Eorpach seo.
- i dTíreolaíocht, agus in Eolaíocht, tá sé tábhachtach go ndéanfaí déileáil le saincheisteanna ábhartha i dtaca leis an dtimpeallacht ar bhealach meáite idir an ghá chun an timpeallacht nádúrtha a chaomhnadh agus a chosaint agus éilimh dhlisteanacha d'fhorbairt eacnamaíochta agus gníomhaíochta tionscalaíochta.

Níl sna treoirlínte seo ach cuid amháin de chlár tacaíochta foriomlán do mhúinteoirí. Smaoinítear, mar shampla, go ndíreoidh cúrsaí inseirbhíse an fócas ar a lán saincheisteanna a thógtar sna treoirlínte seo.

Rachaidh an Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta i gcomhairle le Cumainn Ábhair aonair maidir leis an gcaoi is fearr a d'fhéadfaidís réamh-liostaí de thagairtí agus de theagmhála, ar chuir na coistí cúrsa i dtoll a chéile a leathanú, a fhorbairt agus a uasghrádú. Ar na tagairtí seo bheadh leabhair, fístéipeanna, pacanna – mhúinteoireachta, bog-earraí ríomhaireachta agus ábhar eile dá leithéid san áireamh; comhairlítear do mhúinteoirí teagmháil a dhéanamh lena gcumainn ábhair féin ar leith le haghaidh tuilleadh eolais.

Tíreolaíocht an Teastais Shóisearaigh

Treoirlínte do Mhúinteoirí

Tábla Ábhar

I RÉAMHRÁ

1. An siollabas nua Tíreolaíochta a thionscnaimh.
2. Doiciméad an tsiollabais : dearcadh nua.
3. Impleachtaí praiticiúla i gcomhair mhúinteoirí.

II CUR CHUIGE DON SIOLLABAS: ROINNT STAIDÉIR SHAMPLACHA

1. Tionscnaimh do na staidéir shamplacha.
2. Roinnt staidéir shamplacha.

III OBAIR ALLAMUIGH SAN SIOLLABAS

IV ACMHAINNÍ DO THÍREOLAÍOCHT SHÓISEARACH

1. Léarscáileanna agus fótagraif Thíreolaíochtacha.
2. Seoltaí feidhmiúla.

V MEASÚNÚ

1. Scrúdú ceann cúrsa.
2. Obair allamuigh.
3. Samplaí de cheisteanna.

Réamhrá

1. An siollabas nua a thionscnaimh.

1.1 Tíreolaíocht ag an dTimthriall Shóisearach.

Ba léir do na daoine a bhí ag cur an tsiollabais seo le chéile na riachtanais an-speisialta de theagasc na tíreolaíochta ag an dtimthriall shóisearach. Chomh fada agus a bhaineann sé lena lán daltaí is í an tíreolaíocht ag an dtimthriall shóisearach an t-aon eispéireas de chúrsa córasach tíreolaíochta a bheidh acu ina mblianta d'oideachas foirmiúil.

Tá impleachtaí tábhachtacha aige seo. Ar an laimh amháin de ní féidir leis an gcúrsa a bheith ró-speisialaithe, ach is gá dó réimse mór eolais gheografaigh a chuimsiú; ar an lámh eile ní níor dó na deiseanna a sholáthar d'fhíor-fhionnachtain agus réiteach fadhbanna agus ar an mbealach sin scileanna an gheografaí a fhorbairt.

Mar chroí-ábhar ginearálta ní mór do thíreolaíocht sa timthriall shóisearach a bheith insroichte do dhaltáí den uile chineál agus cúlra. Ciallaíonn sé seo go measfaidh daltaí go bhfuil sé ábharthach agus go dtabharfaidh sé an inspreagadh treise atá mar thoradh ar ábharthacht agus insroichteacht araon.

Ag deireadh báire, agus smaointeoireacht reatha agus taighde i dTíreolaíocht, go háirithe sna blianta meánacha, a chur san áireamh, smaoiníodh ar shiollabas a bhí eagraithe mórthimpeall ar choincheapa agus idéanna seachas ar fhíorais ar a son féin.

Ba chomhréiteach, dar ndó, an siollabas comhthorthach. Bhí údair an tsiollabais lánchomhfhiosach den réaltacht taobh thiar dá dtasc. Dá bhrí sin roghnaíodh cur chuige céim ar chéim lenar tugadh solúbthacht nua isteach sa siollabas ag cur in oiriúint go cothrom cur chuige a bhí níos traidisiúnta agus níos bunúsaí agus, b'fhéidir níos tábhachtaí fós, ag ceadú don mhúinteoir aonair chun forbairt laistigh de, ag baint trialach as stíleanna múinteoireachta níos aireachtála agus as suímh dhifriúla thar na blianta.

1.2 Siollabas Nua? An chaoi ina bhfuil sé éagsúla.

Ag éirí as seo tá an siollabas nua difriúil ón a réamhtheachtaí i líon áirithe bealaí:

- Treise Difriúil: Cuirtear an t-ábhar lárnach den siollabas i láthair mar shraith de thuairimí eochracha agus uimhir de shuímh (fágtar a dtromlacht faoi rogha an

mhúinteora) ina ndéanfar iad a thaiscéaladh. Tá an treise ar mhíreanna comónta agus gréasáin a fhionnachtain seachas sonraí a fhoghlaim ar a son féin. Tá impleachtaí tábhachtacha ag an dtreise nua seo do mhúinteoirí agus do mheasúnú an tsiollabais nua seo. (Pléitear iad san laistíos, féach pointe 3). Déanann an imeacht seo ó shonraí faisnéise a fhoghlaim ar a son féin an siollabas seo cuid mhaith níos giorra ná a réamhtheachtaí.

Neamh-Líneach: Níl an siollabas cumtha chun go ndéanfaí é a theagasc in ord tugtha ar bith.

Beidh tionschar ag timpeallachtaí difriúla, suimeanna na ndaltaí agus a leibhéil inmheachta ar chinneadh mhúinteora maidir le bealaí chur chuige don siollabas.

- Neamh-Uarrannaithe: Níl na teorainn idir phríomhbhairsíní na tíreolaíochta, fisiceach agus daonna, tarraingthe go daingean. Tá sé seo ag teacht le béim an tsiollabais ar an gcomhchaidreamh idir dhaoine agus a dtimpeallacht.

Comhtháthú tíreolaíochta réigiúnaí: Tá an staidéar réigiúnach de dhromcla an domhain lárnach don siollabas seo, ach tá sé comhtháite isteach san iomlán.

Staidéir Áitiúla: Lárnach don siollabas seo freisin is ea an t-aitheantas go soláthraíonn ceantar áitiúil na scoile “saotharlann” muinteartha agus fíor inar féidir idéanna a iniúchadh agus scileanna praiticiúla a chleachtadh. Sa chiall seo is cuid bhunúsach den siollabas seo an obair allamuigh.

Buntomhas den Comhan Uile: Déanadh iarracht chomhfhiúsach chun a chinntiú go mbíonn suímh ó réigiúin fhorbartha an domhain agus ó réigiúin atá ag forbairt san áireamh san siollabas seo.

Saincheisteanna Reatha Sóisialta, Eacnamaíochta agus Timpeallachta: Is den tábhacht é go bhfeicfeadh daoine óga an tíreolaíocht mar ábhar atá ábharthach agus réalaióch dá saoil sa domhan comhaimseartha. Is cuid tábhachtach den siollabas seo saincheisteanna reatha sóisialta, eacnamaíochta agus timpeallachta náisiúnta agus domhanda. Tá struchtúr an tsiollabais seo solúbtha a dhóthain chun ligint do

mhúinteoirí saincheisteanna ábharthacha de réir mar a tharlaíonn siad a chur san áireamh ann.

- Dha Leibhéal: Déanfar an siollabas seo a mheas ag dhá leibhéal, Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal. Tagrann an Gnáthleibhéal do chroílár an tsiollabais (na tuairimí eochracha uile, a bhfuil iniúchadh déanta ar gach ceann acu ag suímh tugtha) agus tagrann an tArdleibhéal don siollabas croílár céanna móide suímh bhreise (agus staidéir chontrártha agus iniúctha breise comhshnaidhmthe leo).

2. **Doiciméad an tSiollabais: Dearcadh Nua.**

2.1 Gnéithe difriúla

Cuirtear an siollabas seo i láthair mbealach seo a leanas:

Aidhmeanna

Spriocanna (eolas, coincheapa, scileanna agus dearcaidh á sonrú)

Cur síos ar scileanna praiticiúla tíreolaíochta (agus céim inmheachta a bhfuiltear ag súil léi ag gach leibhéal)

Cur síos ar an gcúrsa.

Spriocanna Measúnachta.

Is é atá i gceist leis an leibhéal shonraí seo ná an múinteoir a threorú tríd na gnéithe éagsúla a chlúdaíonn an siollabas seo – scileanna agus coincheapa chomh maith le hábhar fíorasach. Ní fhéadfaí é seo a chur chun críche trí liostáil shimplí den ábhar.

2.2 Cur síos ar an gCúrsa

Is é an rannóg is mionchruinne ar fad de dhoiciméad an tsiollabais ná é sin a chuireann síos ar ábhar an chúrsa : “Cur síos ar an gCúrsa”.

Anseo cuiretar an cúrsa i láthair trí bhithin cheithre cholún agus nuair a thógtar in éineacht iad cuireann siad múinteoirí ar an eolas maidir le hábharthacht lárnach an tsiollabais (“tuairimí eochracha”) agus na comhthéacsanna ina bhfuiltear chun iniúchadh a dhéanamh orthu (suímh):

Tuairimí Eochracha	Suímh		
	Áitiúil	Náisiúnta	Idirnáisiúnta
Ábhar lárnach an tsiollabais		(comhthacsanna féidir na tuairimí iniúchadh)	éagsúla inar eochracha a

Roghnaíodh an cineál seo cur i láthair de bharr líon d'fháthanna.

- Aithníonn sé gurbh é atá i gceist i dtíreolaíocht ná gnéithe agus gréasáin athfhillteacha a aithint agus a thuiscint, agus i dtéarmaí tíreolaíochta gurbh é an príomhchuspóir atá i gceist le staidéar a dhéanamh ar réigiún nó saincheist ar leibh ná mar shoiléiriú ar ghnéithe agus ar ghréasáin dá leithéid seachas mar bhuaic cheann scríbe ann féin.
- Cabhraíonn sé a léiriú do mhúinteoirí doimhneacht agus leibhéal an mhionchuntais atáthar chun topaic a iniúchadh.
- Ceadáíonn sé uasmhéid solúbthachta: tugann an t-easpa oird riachtanach móide an ríoras go bhfágтар breis agus dhá dtrian de na suímh gan a lua an saoirse do mhúinteoirí an cúrsa is oiriúnaí do riachtanais agus do thimpeallacht a ndaltaí a roghnú.
- Tugann sé caoi d'ábharthacht agus d'áitiúlacht: Tugann an cháilíocht “oscailte” seo seans chun saincheistanna a thabhairt isteach agus a phlé ag trátha nuair is cuid den nuacht iad.

3. **Impleachtaí praiticiúla do mhúinteoirí.**

Beidh líon impleachtaí don mhúinteoir ag gnéithe agus cur i láthair an tsiollabais seo mar a chuirtear síos orthu thuas.

- A p(h)lean féin a tharraingt suas:
Mar atá luaite cheana níl an siollabas cúltha le go ndéanfaí é a theagasc ar nós líneach. Dá ndéanfaí é a theagasc mar atá sé curtha i láthair bheadh sé athrách, dá fheabhas a bheadh sé (mar tarlaíonn suímh áirithe arís agus arís eile de bharr tuairimí

eochracha difriúla); ar an gcuid is measa bheadh sé mearaitheach do na daltaí. Cinnte dearfa bheadh sé ró-fhada.

Ina ionad sin tá sé i gceist go ndéanfadh na múinteoirí, ós iad na breitheamhain is fearr d'eispéireas, riachtanais, leibhéil inmheachta, cúlraí, etc. a ndaltaí, a gcúrsaí féin a bheartú agus feidhm a bhaint as na gnéithe éagsúla a thugtar sa siollabas. Dlíonn sé seo go dtosódh múinteoirí ag an bpointe is oiriúnaí ina dtuairimí féin, na súimh sin is oiriúnaí dar leo a roghnú agus i gcoitinne, an cúrsa a oiriúnú dá ndaltaí.

Taobh istigh den siollabas seo d'fhéadfadh an suíomh amháin líon de thuirimí eochracha a chomhshnaidhmiú. Mar sin, is féidir ranna móra den siollabas a chur san áireamh le líon réasúnta beag de staidéir atá roghnaithe agus oibrithe amach go cúramach. (Tá samplaí de staidéir dá leithéid le fáil sna treoirlínte seo).

- Teorannú an Ábhair:

Ba chóir do mhúinteoirí feidhm a bhaint as na tuairimí eochracha chun teora a chur le méid an ábhair atá le “clúdach” ag suíomh ar bith. Ní hionann é seo is a rá, gan amhras, nach féidir suíomh a iniúchadh níos faide ná na gnéithe atá taispeáinte ag an dtuairim eochrach, más mian leis an múinteoir a leithéid a dhéanamh. Mar sin féin is féidir leo a bheith muiníneach nach mbeidh sa scrúdú ceann cúrsa ach amháin na gnéithe sin atá léirithe san dtuairim eochrach.

- Solúbthacht:

Cé go mbeidh an cúrsa atá tarraingte suas ag gach múinteoir mar threoir imchrutha do gach bliain, tá sé tábhachtach a bheith ullamh chun dul i leataoibh ón bplean seo anois is arís de réir mar a dheachtaíonn imeachtaí áitiúla, náisiúnta nó idirnáisiúnta. Cabhróidh sé seo chun suim agus fonnadhaint na ndaltaí a choiméad suas. Ní ghá do mhúinteoirí a bheith inmíoch faoin a leithéid de chlaonta ón gcúrsa, mar go bhfuil saincheisteanna topaiciúla a iniúchadh ina chuid riachtanach den siollabas.

- Modheolaíocht

Spreagann an siollabas seo foghlaim ghníomhach bunaithe ar fhiosrú: spreagann obair thionscadail, obair allamuigh agus obair shráide na daltaí chun eolas a fháil, athrú cló a chur air agus ansin anailís a dhéanamh air. Forbann sé seo líon de scíleanna feasacha agus praiticiúla araon ar bhealach cúlanta. Spreagfaidh

tomhaiseanna agus fadhbanna a réiteach agus tátail a bhaint as rudaí chun feidhm a bhaint as, agus forbairt a dhéanamh ar scileanna machnaimh níos casta. Mar sin féin tá codacha den siollabas ar b'fhearr iad a theagasc trí mhodhanna níos traidisiúnta, áit a bhfuil ionchur mór ag an mhúinteoir i soláthar faisnéise agus tuairimí a mhíniú.

- Rogha an Mhúinteora maidir le Suímh

Fágadh tromlacht na suíomh oscailte don mhúinteoir chun na comhthéacsanna is oiriúnaí dá d(h)altaí a roghnú. Is athrú bunúsach é seo, faoi mar atá tagairt déanta cheana dó, ón siollabas roimhe seo, agus tá impleachtaí móra aige, go háirithe maidir le cén chaoi a dhéanfar measúnú ar an siollabas seo. Mar, i dtromlacht na gcásanna, ní luaitear an suíomh, déanfar meabhrú fhíoras le haghaidh aidhmeanna scrúduithe a laghdú. Ina áit sin déanfaidh an measúnú an cur i bhfeidhm den tuairim eochrach a threisiú. Beidh sé riachtanach do mhúinteoirí an treise difriúil seo a léiriú ina gcuid teagaisc agus a bheith muiníneach go bhfuil a rogha i suímh oscailte chomh dlisteanach le hábhar dualgais ar bith, nó, go deimhin, níos dlisteanáil, san spioraid inar cuireadh an siollabas seo le chéile.

- Ag Déileáil le Dhá Leibhéal:

Nuair a leagadh amach an siollabas seo measadh go ndéanfaí iarrthóirí ag an Ghnáth agus Ardleibhéal a theagasc le chéile ina lán scoileanna. Mar sin tá an siollabas beartaithe le grúpaí meascaithe de dhaltaí ar intinn: tá na tuairimí eochracha coitianta don dá leibhéal, faoi mar ata na bun suímh agus na scileanna praiticiúla (ach i gcás na scileanna tá céim na himmheachta a bhfuiltear ag súil léi difriúil). Tá na riachtanais den tsiollabas ag an Ardleibhéal laistigh de chreat an chroíláir. Séard atá iontu, ar an mor gcomhair, suímh bhreise ina ndéantar na tuairimí eochracha a iniúchadh, ag cur iachall ar dhaltaí a bheith ábhalta samplaí éagsúla den fheiniméan nó den phróinseas céanna a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile.

- Leagan Amach:

Mar bhuille scoir is iad gnéithe dualgais an tsiollabais seo ná:

1. Na tuairimí eochracha
2. Cur i bhfeidhm na dtuairimí eochracha sin go suímh tugtha (cuid acu atá mar dhualgas ach an chuid is mó acu fágtha faoi rogha an mhúinteora).

3. Inniúlacht sna scileanna atá ar an liosta.

II Cur chuige don siollabas – roinnt staidéir shamplacha

2.1 Na staidéir shamplacha a thionscnaimh

Imchruthaíonn an rannóg seo uimhir de shreathanna de cheachtanna ranga a bheidh úsáideach, b'fhéidir, do mhúinteoirí atá ag eagrú cúrsaí tíreolaíochta chun déileáil leis an siollabas nua. Tá na ceachtanna sin bunaithe ar obair mhúinteoirí le linn na laethana () i bhFeabhra agus Márta, 1989. Tá sé tábhachtach go dtugtar na pointí seo a leanas faoi deara:

- Níl iontu ach cur chuige samplacha, agus níor chóir breathnú orthu go bhfuilid ar bealach ar bith seanbhunaithe.
- Nílid cuimsitheach ar bealach ar bith. Níl sé i gceist go gclúdaíonn siad an siollabas iomlán ná méid sonrach ar bith den siollabas (m.sh. an méid ar cheart a chlúdach i mbliain amháin).
- Roghnaíodh na samplaí sin chun an nádúr neamhlíneach den siollabas seo a thaispeáint agus conas is féidir le iniúchadh ar líon réasúnta beag de thopaicí comhshnaidhmeadh a dhéanamh ar a lán de na tuairimí eochracha, scileanna, coincheapa den siollabas chomh maith leis na dearcaidh oiriúnacha.
- Tarraingíodh suas iad le daltaí sa chéad bhliain ar intinn. Ní chiallaíonn sé seo go “gcaithfear” an t-ábhar sna samplaí a theagasc sa chéad bhliain, ná ní chiallaíonn sé go bhfuil ranna eile den siollabas mí-oiriúnach don gcéad bhliain.
- Tá suímh áitiúla agus Éireannacha san áireamh i dtromlacht na samplaí. Mheas na tiomsaitheoirí go raibh gar-eispéireas na ndaltaí agus an timpeallacht níos muinteartha mar phointe tosaithe níos oiriúnaí do dhaltaí níos óige. Ní chiallaíonn sé seo go bhfuil an gréasán seo de chur chuige seanbhunaithe ar bealach ar bith.
- Faoin gceannteideal “scileanna” ní dhéantar tagairt ach do na scileanna praiticiúla geografacha (féach ar leathanaigh 7 agus 8 de dhoiciméad an tsiollabais). Glactar leis go

mbeidh scileanna eile an tsiollabais (m.sh. scileanna láimhseála faisnéise, scileanna cumarsáide, scileanna sóisialta, etc.) san áireamh tríd ar fad.

- Níor déanadh moltaí i dtaca le modhanna múinte sna himchruthanna seo. Glactar leis go gcinnteofar é seo trí chomhcheangal de nádúr an topaic, de na scileanna atá san áireamh agus, thar ní ar bith eile, de stíl an mhúinteora aonair.
- Cinneadh gan fad féideartha a mholadh do gach topaic. Chun é seo a dhéanamh ba ghá glacadh le leibhéal inmheachta sonrach dhaltaí, rud ar mhian leis na tiomsaitheoirí a sheacaint.

2.2 **Roinnt Staidéir Shamplacha**

2.2.1 Teideal an Staidéir Shamplaigh:

Uisce Tuairimí eochracha an tsiollabais:

Lárnach:	C1(i)*	Uisce mar acmhainn nádúrtha bunúsach, inathnuaite. Nádúr de gníomhaíochtaí eacnamaíoch príomhúla.
	B3(i)	Suíomh lonnaíochta i dtaca le riachtanas daoine le haghaidh uisce.
	A2(v)	Bíonn tionchar ag próisis agus greasáin aoráide ar ghníomhaíocht dhaonna (m.sh. triomach)
Gaolmhaireach	C2(vii)	D'fhéadfadh tionchair thábhachtacha, dearfacha nó diúltacha a bheith ag gníomhaíocht tionsclaíoch ar an timpeallacht agus mianach na beatha.
	C3(ii)	Turasóireacht: limistéir d'áilleacht nádúrtha.

Ábhar

- Réamhrá: Timthriall an Uisce.
- Tábacht an uisce don saol daonna.

Sláinte/Sláinteachas

Talmhaíocht

Tionscal, Tráchtáil agus Iompar.

Scíth.

- Tábhacht iarshníoch de mhianach an uisce a choimeád:
 Truailliú (mar atá sé gaolmhaireach do na ceithre limistéar thuas)
 - Soláthar Uisce Áitiúil: Staidéar ar chás áirithe.
 Céard as a dtagann uisce áitiúil.
 Cén chaoi a thagann sé go dtí an ceantar.
 Cén fheidhm abhaintear as i dtithe na ndaoine (m.sh. teaghlach tipiciúil)
 Caitheamh agus caomhnú uisce.
 - Codarsnacht: Mar a bhfuil uisce gann: (Staidéar ar chás amháin Aifreach)
 Triomach agus a iarmhairtí ar dhaoine.
 Fairsingiú fásaigh.
 Teicneolaíocht uiscithe (m.sh. mion-scála agus mór-scála – m.sh. Gleann na Níle.
- * Tagrann na huimhreacha aitheantais seo do rannóga agus do fhó-rannóga an tsiollabais (féach leathanaigh 9-26 san áireamh de dhoiciméad an tsiollabais)

Scileanna

Fíoracha a tharraingt/a léirmhíniú
 Léarscáileanna a tharraingt/a léirléamh
 Anailís Fhótagraf
 Scileanna Imscrúduithe

Dearcaidh

Feasach i dtaobh na timpeallachta
 Dearcadh freagrach do shaothrú agus do chaomhnú acmhainní
 Léirtheiscint ar éagsúlacht na timpeallachta agus an chultúir
 Tuiscint fhaichialleach do riachtanais ag teacht salach ar a chéile i bpleanáil na timpeallachta.

Coincheapa

Idirghaolmhaireacht, suíomh, réigiún, gaolmhaireacht limistéarach.

2.2.2 Teideal an Staidéir Shamplaigh: Lonnaíocht Uirbeach

Tuairimí eachracha an tsiollabais:

- Lárnach:
- B3(i) Fáthanna le lathair na lonnaíochtaí tosaigh
 - B3(ii) Eochairthosca i dtaca leis na gréasáin i ndáileadh na lonnaíochtaí cnuasta.
 - B3(iv) Is féidir lonnaíochtaí cnuasta a rangú trí fheidhm.
 - B3(v) Féadfaidh lonnaíochtaí a bhfeidhm a athrú le himeacht aimsire.

Gaolmhaireach: B4(ii) Taobh istigh de chathracha aonair is féidir gréasán ginearálta de chriosanna fidhmiúla a aithint.

Ábhar

- Réamhrá: An fáth gur lonnaigh daoine in áiteanna áirithe.
- Dáileadh lonnaíochtaí in Éirinn: Rangú de phríomhlonnaíochtaí trí fheidhm.
- M'áit chónaithe: (Staidéar allamuigh de lonnaíocht uirbeach áitiúil)

Tá feidhmeanna éagsúla ag mo cheantar áitiúil (cónaithe, tráchtála, tionsclaíoch, etc.)

Áit a bhfaightear talamh atá ag freastal ar fheidhmeanna éagsúla i mo cheantar (criosanna feidhmiúla).

An chaoi inar athraigh mo cheantar le himeacht aimsire (feidhmeanna athruitheacha, stíleanna foirgníochta, leibhéil dhaonra, stíleanna maireachtála, etc.)

- Staidéar ar chás áirithe: Lonnaíocht i ngleann abhann (m.sh. an Bhearbha, an Bhóinn, an Laoi).

An fáth gur lonnaigh daoine sa ghleann seo

Cineálacha difriúla lonnaíochta

Comparáid (más oiriúnach é leis an staidéar allamuigh thuas)

Scileanna

Staidéar allamuigh

Léarscáileanna a tharraingt/a léirléamh

Anailís Fhótagraf

Fíoracha a tharraingt/a léirmhíniú

Scileanna uimhríochta agus áirimh.

Dearcaidh

Feasach i dtaobh na timpeallachta nádúrtha agus cultúrtha

Léirthuisicint ar ilchineálacht

Tuiscint fhaichilleach do riachtanais ag teacht salach ar a chéile i bpleanáil na timpeallachta.

Coincheapa

Lonnaíocht, dáileadh spásúil, gaolmhaireacht limistéarach, idirghaolmhaireacht, réigiún, greasán, athrú le himeacht aimsire.

2.2.3 Teideal an Staidéir Shamplaigh: Stáidéar ar Fheirm

Tuairimí eochracha an tsiollabais:

Lárnach:	C1(v)	Is féidir an-chuid ghníomhaíochtaí
		Príomhúla eacnamaíochta a scrúdú mar chórais
	A3(i)	Nádúr ithreach
	A3(ii)	Próisis ilhirdhéanmhasacha
	A2(ii)	Athruithe san aimsir
Gaolmhaireach:	C2(i)	Gníomhaíochtaí eacnamaíochta tánaisteacha (próiseáil amh-ábhar)
	C2(vii)	D'fhéadfadh tionchar tábhachtach a bheith ag gníomhaíocht thionsclaíoch ar thalmhaíocht.

Ábhar

- Réamhrá: Feirm mar chóras

- Ionchuir:

Ionchuir Nádúrtha

Ithir

Uisce

Coinníollacha aoráide agus teocht

- Ionchur Daonna:
 - Obair/Oilteacht
 - Leasacháin/Lotnaidicíd
 - Teicneolaíocht
- Próiseas: Féilire an Fheirmeora
 - Barraí/Beostoc
 - Jabanna agus gníomhaíochtaí difriúla
 - Athruithe séasúracha
- Aschuir: Táirgeadh
 - Margaíocht
 - Proiséail bhreise: gníomhaíochtaí eacnamaíochta tánaisteacha.
- Feirmeoireacht agus Caomhnú
 - Aire a thabhairt don ithir
 - An chothromaíocht eiceolaíoch a choiméad.

Scileanna

Staidéar allamuigh/Scileanna Imscrúduithe
 Léarscáileanna a tharraingt/a léirléamh
 Fíoracha a tharraingt/a léirmhíniú.

Dearcaidh

Feasach i dtaobh na timpeallachta nádúrtha.
 Dearcadh freagrach do shaothrú agus do chaomhnú acmhainní.
 Tuiscint fhaichilleach don imirt ar a chéile ag riachtanais ag teacht salach ar a chéile i bpleanáil na timpeallachta.
 Léirithuiscint ar ilchineálachas sóisialta cultúrtha agus timpeallachta.

Coincheapa

Idirghaolmhaireacht, lonnaíocht, gaolmhaireacht limistéarach, gréasán, athrú le himeacht aimsire.

2.2.4 **Teideal an Staidéir Shamplaigh: Carraigeacha Tuairimí eochracha an tsiollabais**

Lárnach:	A1(i)	Príomhchineálacha carraigeacha
	A1(vi)	Gníomhaíochtaí daonna ag imirt ar a chéile ar bhealaí difriúla le próisis nádúrtha thórdhreacha: féadfaidh an imirt ar a chéile seo a bheith díobhálach nó sochrach
	A3(iii)	Athraíonn fásradh de réir coinníollacha ithreach (agus a mhalairt)
Gaolmhaireach:	C1(i)	Nádúr de ghníomhaíochtaí príomhúla eacnamaíochta.
	C1(v)	Is féidir breathnú ar ghníomhaíochtaí príomhúla eacnamaíochta mar chórais.
	C2(vii)	Tionchar ghníomhaíocht thionsclaíoch ar an dtimpeallacht agus ar an mianach maireachtála.

Ábhar

- Réamhrá: Céard is carraigeacha ann?
- Príomhchineálacha carraigeacha: Bruth, Dríodar, Meieamorfach
Príomhfheidhmeanna de na saghasanna carraigeacha seo.
- Dáileadh Éireannach de na saghasanna carraigeacha seo.
- Staidéar ar chás áirithe: Cairéal áitiúil, clais ghainimh nó trá.

Cineál carraige a aithint.

Bunús an chineáil seo.

Gaolmhaireacht leis an dtírdhreach agus leis an bhfásra maguaird

Modhanna eastóctha agus próiseála (m.sh. mar chóras más oiriúnach é).

Tionchar an chairéil/próiseála ar an dtimpeallacht.

Scileanna

Léarcáileanna a tharraingt/Léirléamh (agus léarscáileanna geolaíochta agus ithreach san áireamh).

Fíoracha a tharraingt/Léirmhíniú Staidéar allamuigh

Dearcaidh

Feasach den timpeallacht

Dearcadh freagrach do shaothrú acmhainní

Tuiscint fhaichillach ar idirghníomhaíocht de riachtanais a thagann, salach ar a chéile i bpleanáil na timpeallachta.

Coincheapa

Dáileadh spásúil, lonnaíocht, idirghaolmhaireacht, gaolmhaireacht limistéarach.

2.2.5 Teideal an Staidéir Shamplaigh: Tionscal iascaireachta mara

Tuairimí eochracha an tsiollabais

Lárnach:	C1(iv)	D'fhéadfadh barraíocht saothruithe ar acmhainn tús a chur lena hídiú.
	C1(i)	Nádúr de ghníomhaíochtaí.
	C2(i)	Príomhúla agus tánaisteacha eacnamaíochta.
	A2(i)	Gluaiseacht aeir agus uiscí mara.
	A2(ii)	Athruithe aimsire.
Gaolmhaireach:	B3(vi)	Cothaíonn gluaiseacht earraí idir lonnaíochtaí chun naisc chumarsáide a fhorbairt (líonra bóthar na hÉirinn).

Ábhar

- Réamhrá: An fharraige mar acmhainn nádúrtha.
- Iascaireacht: Gníomhaíocht eacnamaíoch
Príomhúil (ag breith ar iasc)
Tánaisteach (proiseáil éisc, etc.)
- Tosca a mbíonn tionchar acu ar iascaireacht.
Aimsir/Feachta mara
Ró-iascaireacht
Truailliú

- Príomhchalafoirt iascaireachta na hÉireann
Dáileadh
Tosca a mbíonn tionchar acu ar an dáileadh seo.
- Calafort Iascaireachta (m.sh. Na Cealla Beaga, Beann Éadair, etc.)

Staidéar ar chás áirithe: (agus staidéar allamuigh, más oiriúnach é):

Tralaeireacht/Báid

Obair iascairí

Tionscail Áitiúla Cleithiúnacha (m.sh. deisiú bád, soláthróirí, etc.)

An Caladh: san am atá thart agus faoi láthair.

Scileanna

Léirléamh léarscáile/Líníocht

Scileanna uimhríochta agus áirimh

Léirmhíniú ar fhíoracha/Líníocht

Anailís fhótagraf

Staidéar allamuigh/Scileanna Imscrúduithe.

Dearcaidh

Dearcadh freagrach do shaothrú agus do chaomhnú acmhainní.

Tuiscint fhaichilleach don idirghníomhaíocht de riachtanais ag teacht salach ar a chéile i bpleanáil na timpeallachta.

Coincheapa

Lonnaíocht, idirghaolmhaireacht, dáileadh spásúil, athrú le himeacht aimsire.

2.2.6 Teideal an Staideir Shamplaigh : Turasóireacht

Tuairimí eochracha an tsiollabais

- | | |
|---------|--|
| Lárnach | C3(i) Turasóireacht mar ghníomhaíocht eacnamaíoch treasach |
| | C3(ii) Fathanna le lonnaíocht sheirbhísí turasóireachta; aoráid mar thoisc; forbairt nasc cumarsáide; iarmhairtí ar an sochaí agus an timpeallacht |

A2(v) Bíonn tionchar ag próisis agus gréasáin aoráide ar ghníomhaíocht dhaonna.

Gaolmhaireach A1(vi) Coimhlínt fhéideartha suime i dtaca le conas feidhm a bhaint as tírdhreacha.

B3(vi) Cothaíonn tgluaiseacht earraí idir lonnaíochtaí chun naisc chumarsáide a fhorbairt (líonra bóthar na hÉireann).

Ábhar

- Réamhrá : Turasóireacht, sampla de ghníomhaíocht eacnamaíoch treasach
- Turasóireacht in Éirinn :
 - Fáthanna go meallann ceantair / réigiúin áirithe turasóirí (m.sh. tírdhreach, tráanna, locha, aibhneacha, cultúr / stairiúil, scith, etc.)
 - Dáileadh de cheantair / réigiúin dá leithéid in Éirinn.
- Staidéar ar chás áirithe : Réigiún turasóireachta amháin in Éirinn (staidéar allamuigh, más oiriúnach é)
 - Céard a o fráileann sé do thurasóirí
 - Seirbhísí agus áiseanna a déanadh a fhorbairt de bharr turasóireachta
 - Iarmhairtí eile na turasóireachta ar an gceantar.
- Staidéar ar chás amháin Eorpach : (réigiún Eorpach amháin, de rogha an mhúinteora, de rogha ceann gurbh í an turasóireacht an príomhthionscal ann.)
 - Céard a o fráileann an réigiún seo do thurasóirí
 - Treochtaí in uimhreacha thurasóirí atá ag teacht chuig an ceantar seo
 - Céard as is dóichí go dtagann na turasóirí
 - Iarmhairtí a bhí ag turasóireacht ar fhorbairt an réigiúin (m.sh. naisc chumarsáide, fiontar tráchtála, foirgintí etc.)
 - Iarmhairtí, dearfach agus diúltach, ar na daoine áitiúla agus ar an dtimpeallacht.

Scileanna

Léarscáileanna a tharraingt / léirléamh

Léirmhíniú fíoracha

Scileanna uimhríochta agus áirimh

Anailís fhótagraf

Staidéar allamuigh, más oiriúnach é.

Dearcaidh

Toilteanacht chun feiniméiní nádúrtha agus cultúrtha a thuiscint agus a mheas ó thaobh dearcaidh dhaoine eile.

Léirthuiscint ar ilchineálachas sóisialta agus cultúrtha

Feasach ar dhainséir de bhuanchruthaíocht

Feasach ar mhianach na timpeallachta

Tuiscint fhaichilleach d'idirghníomhaíocht de riachtanais ag teacht salach ar a chéile agus pleanáil imshaoil.

Coincheapa

Lonnaíocht, réigiún, athrú le himeacht aimsire, déileadh spásúil, idirghaolmhaireacht.

3. Obair allamuigh san siollabas

3.1 Cén fáth obair allamuigh?

Tá obair allamuigh ar cheann de na gnéithe de thíreolaíocht is taitneamhaí - agus is spreagúla. In obair allamuigh bíonn daltaí gafa i ndéanamh imsirúduithe ar eolas ó bhunfhoinse lasmuigh den seomra ranga. Is áit suimiúil agus corraitheach é an domhan agus le deiseanna a sholáthar do dhaltai chun é a thuiscint níos fearr trí eispéireas díreach, searsanta tá sé lárnach do chúnamh na tíreolaíochta dá n-oideachas agus dá bhforbairt.

3.2 Feidhm a bhaint as an ngarthimpeallacht

Ní ghá taisteal i bhfad chun deiseanna le haghaidh obair allamuigh a fháil. Tá topaicí le haghaidh imscrúduithe mór-thimpeall ar fad i dtimpeallacht na ndaltaí féin, gar dóibh (agus an-réadach dá bharr sin).

Aithníonn an siollabas seo - a mhinicí agus is féidir n ceantar logánta mar shuíomh chun staidéar a dhéanamh ar na túairimí atá ann. Is féidir eolas ó bhunfhoinse a bhailiú ag an scoil féin (ó chomhdhaltaí, ó mhúinteoirí agus i bhfoirgintí agus i dtailte na scoile) nó i ngarthimpeallacht na scoile. Tá gach scoil suite i dtimpeallacht gheografach - b'fhéidir tuaithe, b'fhéidir uirbeach nó sá dá cheann - a sholáthraíonn acmhainn shaibhir d'fhaisnéis suimiúil.

3.3 Obair allamuigh : cuid riachtanach den siollabas

Is dea-oideachas é obair allamuigh agus dá bhrí sin is cuid riachtanach é de staidéar a dhéanamh ar an siollabas seo. Ní hé amháin go bhfuil sé i gceist do dhaltaí an rogha de thionscadal d'obair allamuigh a sholáthar mar chuid de scrúdú an Teastais Shóisearaigh ach is féidir go gcabhróidh eispéireas a fuarthas san obair allamuigh leis an bhfreagairt ar chodacha níos neamhiata de cheisteanna áirithe ar na páipéir scríofa. Iarrfaidh ceisteanna dá leithéid ar iarrthóirí tagairt a dhéanamh do shamplaí nó do limistéir ar a bhfuil staidéar déanta acu.

Go deimhin spreagfaidh an struchtúr féin den siollabas agus de na páipéir scríofa daltaí chun eolas agus scileanna a gnóthaíodh i staidéar amháin a chur i bhfeidhm ar chomhthéacsanna eile. Lean chois sin beidh rannóg speisialta ar pháipéir an Ghnáthleibhéil, agus an Ardleibhéil le ceisteanna atá ceapaithe chun cuid de na scileanna a dhéanann daltaí a fhorbairt trí obair allamuigh a thrialadh; tá an rannóg seo beartaithe dóibh siúd nach nglacann leis an rogha de thionscadal de staidéar allamuigh a chur i láthair le haghaidh measúnachta.

3.4 Céard is dea-obair allamuigh ann?

Is éard atá in obair allamuigh ná faisnéis a bhailiú : faisnéis a bhailiú le cuspóir ar intinn atá i gceist i ndea-obair allamuigh. Is gá do gheografaíthe faisnéis a bhailiú ar dhá phríomhfháth : ceann amháin is ea chun a thástáil cé'cu a bhfuil tuairim atá acu cruinn; an dara ceann chun an freagra a fháil do cheist éigin a cuireadh orthu - de bharr léitheoireacht nó de rud éigin atá feicthe acu.

Tá sé tábhachtach go bunúsach nuair atá daltaí á n-eagrú chun imscrúdú obair allamuigh a dhéanamh go dtuigeann siad go cruinn beacht.

- (i) cá bhfuilid ag dul
- (ii) cén fáth a bhfuilid ag dul ann
- (iii) céard a bhíonn le déanamh acu nuair a sroicheann siad an áit.

Beidh obair allamuigh buach:

- (i) bunaithe ar thopaic nó teideal sainiúil agus soláimhsithe le haidhmeanna sonraithe go soiléir.
- (ii) pleanáilte go cúramach, na daltaí a bheith páirteach i réamh-ullmhúchán críochnúil chun a chinntiú go bhfuil an t-eolas cúlra agus cuileanna riachtanacha acu.
- (iii) ag éileamh ar na daltaí a bheith páirteach i bpróiseáil chúramach den fhaisnéis bailithe sa pháirc, chun teacht ar chonclúidí oiriúnacha a bhaineann le cuspóirí an staidéir.

3.5 Roinnt staidéar oiriúnacha agus soláimhsithe (ag baint feidhme as an ngarthimpeallacht)

- An bhfuil gaolmhaireacht idir an fhad a déanadh ag taisteal ar scoil agus modh an iompair ar baineadh feidhm as?
- Conas agus cén fáth go n-athraíonn leibhéal bhrúscair / loitiméireachta i mbaile mór?
- Conas agus cén chaoi a n-athraíonn sreabhadh an trachta thar thréimhse ama (Imháin nó comparáid idir dhá lá ar fud bothair Z?
- Céard iad na bealaí inar athraigh baile beag X le linn a chuid staire?
- Cén chaoi a n-athraíonn tréithe abhann ghleanna C de réir mar a thaisteal duine síos le habhainn ó phointe A go pointe B agus cén fáth?
- Conas agus cén chaoi go n-athraíonn an aimsir a bhfuil eispéireas againn di idir thrátha ísle agus trátha arda brú an atmaisféir?
- Cén iarmhairt a bhí / bheadh ag seachród ar bhaile mór Z?
- Cén fáth go dtáirgeann feirm X na táirgí a tháirgeann sé?

N.B. Soláthrófar tuilleadh tacaíochta do mhúinteoirí an tsiollabais seo le linn na mblianta tosaigh dá chur i bhfeidhm. Cruinneoidh an chéad shraith eile de chúrsaí inseirbhíse, eagraithe ag an Roinn Oideachais, ar riachtanais agus iarratais díobh siúd atá ag tabhairt faoi obair taobh amuigh den seomra ranga, le béim speisialta ar chleachtaí le daltaí i mbliain a haon.

Acmhainní le haghaidh tíreolaíochta shóisearaigh

Cé go bhfuil téacsleabhair scríofa don siollabas foilsithe agus ar fáil agus, gan amhras, soláthraíonn siad creat agus tácaíocht fheidhmiúil do mhúinteoirí, de bharr na minicíochtaí iomadúla de shuímh áitiúla nó “oscailte ní bheidh sé inrásta brath an iomarca ar aon téacsleabhar amháin ar bith. Spreagtar múinteoirí chun éagsúlacht leitheadach d’fhoinsí faionéise a aithint agus a úsáid ina gcuid mhúinteoireachta gach uair a tharlaíonn an deis chuige. D’fhéadfaí foinsí dá leithéid seo a bheith san áireamh :

- léarscáileanna de scálaí éagsúla
- cruinneoga
- fótagraif
- pictiúir
- nuachtáin
- irisí
- raidió agus teilifís
- bogearraí micríomhaire
- etc.

Aithnítear go bhfuil difríocht leitheadach ann ó scoil go scoil maidir le méid na n-acmhainní múinteoireachta tíreolaíochta atá ar fáil. Moltar do scoileanna, áit nach bhfuil foinsí mar iad seo luaite ar an liosta thuas ar fáil, tosú ar bhailiúchán a chur le chéile thar thréimhse ama chun cabhrú lena mhúinteoirí tíreolaíochta. Tá liosta de sheoltaí feidhmiúla le fáil níos déanaí sa rannóg seo.

1. Léarscáileanna agus fótagraif gheografacha

1.1 Léarscáileanna, ginearálta

Tá léarscáileanna ag na scáioleanna seo a leanas le fáil le haghaidh gach uile chuid den tír ón Oifig Shuirbhéireachta Ordanáis.

- (a) $\frac{1}{4}$ órlach (1 : 250,000)
- (b) $\frac{1}{2}$ órlach (1 : 126,720)
- (c) 6 órlach (1 : 10,560)
- (d) Tá an léarscáil 25 órlach (1 : 2,500) le fáil le haghaidh gach uile pháirt den tír nach mór cé's súoite de limistéir shléibhtiúla.

- (e) 1 : 1,000 - ar fáil le haghaidh cathracha agus líon mór de bhailte móra.

- (f) Léarscáileanna ceantair aon orlach ar fáil do na limistéir seo a leanas:

Baile Átha Cliath	Corcaigh
Cill Mhanntáin	Cill Áirne

- (g) Pleananna Cathrach agus Bhaile Mór:

Cathracha

Baile Átha Cliath	scála	1 : 20,000
Corcaigh		1 : 15,000
Luimneach		1 : 9,000
Portláirge		1 : 9,000
Gaillimh		1 : 9,000

Bailte Móra

Tá líon na mbailte móra dá bhfuil pleananna ar fáil ag méadú in aghaidh na bliana.

- (h) Tá na léarscáileanna seo a leanas ar fáil ar scála de 1 : 50,000

Bealach Cille Manntáin

An Neidín - **NB** Is í seo an léarscáil is mó suas chun dáta ar na Cruacha Dubha - tá sé feidhmiúil le haghaidh turasanna allamuigh.

1.2 Léarscáileanna Satailíteacha

Tá fótagraif shatailíte le bailte agus bóithre forshuite orthu ar fáil ón Oifig Shuirbhéireachta Ordonáis :

- (1) Éire uile
- (2) Co. Chiarraí.

1.3 Sleachta spéisiúla de léarscáileanna 5.0 do scoileanna

Bíonn líon de shleachta ar fáil ag praghas íslithe ó am go chéile. Ar na cinn atá ar fáil faoi láthair tá :

½" Slígeach - Liatroma

½" Luimneach

1" Caisleán Ghriaghaire

1" Cill Mhanntáin

1" Cuan Corcaí

1" Carrán Tuathail

6" Cóbh

6" Cill Mhochua

1 : 1,000 Cathair Phortláirge.

1.4 Léarscáileanna Stáiriúla

Tá na léarscáileanna stáiriúla seo a leanas ar fáil on Oifig Sh. O. ;

Baile Átha Cliath c. 840 go 1,540: na blianta d’Fhas Meánaoiseach

Baile Átha Cliath c. 840 go 1,540: an baile mór Méánaoiseach san gCathair Nua-aimseartha

Baile Átha Cliath 1756 le Rogues

Léarscáil mhainistreach na hÉireann.

1.5 Pacanna Oideachasúla

Tá na pacanna oideachasúla de léarscáileanna oideachasúla foilsithe ag an Leabharlann náisiúnta :

Éire i Léarscáileanna

Baile Átha Cliath i Léarscáileanna.

1.6 Aerfhótagraif

Is féidir Aerfhótagraif a ordú ón Oifig Shuirbhéireachta Ordanáis. Is radharcanna anuas iad seo agus táid ar fáil ag na scálaí seo a leanas :

1: 30,000 go hachomair

1: 4,000 go hachomair.

Tá fótagraif dhaite 10" x 8" ar fáil le haghaidh líon airithe de bhailte móra.

Is cosúil go bhfuil líon d'aerfhótagraif de bhailte móra ar fáil in oifigí nuachtán áitiúla.

Barúla Ginearálta

- Tá cuid mhaith léarscáileanna ar fáil i gcruth fillte agus neamhfhillte araon.
- Ar fhianaise oiriúnac a chur i láthair go mbainfear úsáid astu do leith cuspóirí oideachasúla (m. sh. Síniú Phríomhoide Scoile agus / nó ceann litreach na scoile) bíonn lascaine suntasach le fáil ar léarscáileanna a cheannaítear ón Oifig Shuirbhéireachta Ordanáis.

2. Seoltaí Feidhmiúla

N.B. Níl an liosta seo a leanas de sheoltaí uileghabhálach. Moltar do mhúinteoirí teagmháil a dhéanamh lena gCumainn Ábhair le haghaidh eolais níos mionchruinne maidir le coistí reachtúla agus deonacha a d'fhéadfadh cabhair a thabhairt, b'fhéidir.

2.1 Gníomhaireachtaí Rialtais agus Leathstáit

Bord Fáilte : Droichead Sráid Bhagóid, Baile Átha Cliath 2. (01) 765871

Bord Gais : 25 Faiche Stiana, Baile Átha Cliath. (01) 604377

Bord Iascaigh Mhara : Bóthar Crofton, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath. (01) 841544

Bord na Móna : 76 Sráid Bhagóid Íocht, Baile Átha Cliath 2. (01) 688555

An Roinn Ghnóthaí Eachtrannacha : 80 Faiche Stiana, Baile Átha Cliath 2. (01) 780822

An Roinn Fuinnimh : 25 Sráid an Chláir, Baile Átha Cliath 2. (01) 715233

An Roinn Oideachais, Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1. (01) 8734700

Bord Soláthar Leictreachais : Cúirt Stíofáin, 18 Faiche Stiana, B. Á. C. 2. (01) 758 155

Suirbhéireacht Gheolaíoch na hÉireann, Baile Átha Cliath 4. (01) 609511

Oifig Foilseachán Rialtais, Sun Alliance House, Sráid Mholesworth, B.A.C. 2. (01) 710309

Udarás Forbartha Tionsclaíoch : Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2. (01) 686633

Seirbhísí Meitéareolaíoch Éireann : Glasnaoidhean, Baile Átha Cliath 9. (01) 424411

Oifig Shuirbhéireachta Ordanáis : Pairc an Fhíonuisce, Baile Átha Cliath 8. (01) 213171

2.2 Comhphobal Eorpach

Coimisiún na hEorpa : 39 Sráid Mholesworth, Baile Átha Cliath 2. (01) 712244

Parlaimint na hEorpa : 43 Sráid Mholesworth, Baile Átha Cliath 2. (01) 719100

An Bheilg : Teach Shrewsbury, Bóthar Shrewsbury, Baile Átha Cliath 4. (01) 692082

An Danmhairg : 121 Faiche Stiana, Baile Átha Cliath 2. (01) 756404

An Fhrainc : 36 Bóthar Ailesbury, Baile Átha Cliath 4. (01) 694777

An Ghearmáin (Poblacht Chonasatha) : 31 Asc Thrimleston, Baile an Bhóthair,

Co. Baile Átha Cliath. (01) 693011

An Ghréig : 1 Sr. Pembroke, Uacht, Baile Átha Cliath 2. (01) 767254

An Iodáil : 12 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2. (01) 760366

Luxembourg : 27 Wilton Crescent, London SW1X 85D. (031) 2356961

An Ísiltír : 160 Bóthar Muirfean, Baile Átha Cliath 4. (01) 693444

An Phortaingéil : Teach Chnoc Sionnaigh, Baile Átha Cliath 18. (01) 893375

An Spáinn : 17A Páirc Merlyn, Baile Átha Cliath 4. (01) 691640

An Ríocht Aontaithe : 31 Bóthar Muirfean, Baile Átha Cliath 4. (01) 695217.

Tíortha Eorpacha Eile

An Ostair : 15 Cúirt Ailesbury, 93 Br. Ailesbury, Baile Átha Cliath 4. (01) 694577

An tSualainn : Sun Alliance House, Sr. Dawson, Baile Átha Cliath 2. (01) 715822

An Eilbhéis : 6 Br. Ailesbury, Baile Átha Cliath 2. (01) 692515

An Tuirc : 60 Br. Muirfean, Baile Átha Cliath 4. (01) 685240

A.P.S.S. : 186 Br. Oruel, Baile Átha Cliath 14. (01) 977525.

Tíortha Eile

Na Stáit Aontaithe : 42 Br. Elgin, Baile Átha Cliath 4. (01) 688777

An Airgintín : 15 Céide Ailesbury, Baile Átha Cliath 4. (01) 691546

An Astráil : Teach MhicLiam, Ardán Wilton, Baile Átha Cliath 2. (01) 761517

An Bhrasáil : 19 Mauristkade, 2514 HD The Hague, Netherlands. 16 31 70 46229

Ceanada : 65 Faiche Stiana, Baile Átha Cliath 2. (01) 781988

An tSín (Poblacht na nDaoine) : 40 Br. Ailesbury, Baile Átha Cliath 4. (01) 691707

An Éigipt : 12 Br. Clyde, Baile Átha Cliath 4. (01) 606566

An India : 6 Páirc Leeson, Baile Átha Cliath 6. (01) 970843

An Iaráin : 72 Acal Chnoc Muirfean, An charraig Dhubh, Co. B. Á. C. (01) 604366

An tSeapáin : 22 Br. Ailesbury, Baile Átha Cliath 2. (01) 694244

An Chóiré (Poblacht) : 20, Br. Clyde, Baile Átha Cliath 4. (01) 608800

An Nigéir : 56 Páirc Leeson, Baile Átha Cliath 6. (01) 604366.

V. Measúnú

Dhá Mhodh Measunachta

Déanfar na cuspóirí sin a thástáil le dhá mhodh measúnachta.

Scrúdú Ceann Cúrsa agus

Staidéar Allamuigh (Roghnach)

1. Scrúdú Ceann Cúrsa

1.1 Leibhéil

Déanfar daltaí a scrúdú ag ceann amháin de dhá leibhéal, is é sin, Gnáth agus Ardleibhéal. Beidh dhá pháipéar scrúduithe, ceann amháin do gach leibhéal.

1.2 Cur síos ar na Páipéir Scrúduithe

Beidh an páipéar scrúduithe ag gach leibhéal bunaithe ar na cuspóirí measúnachta uile agus beidh na cineálacha ceisteanna seo a leanas san áireamh :

- (i) míreanna spricthrialacha.
- (ii) spreagadh a fhreagairt
- (iii) iad siúd a thástálann scileanna praiticiúla, mar shampla léirléamh léarscáileanna
- (iv) iad siúd a thástálann scileanna uimhriúla
- (v) iad siúd a éilíonn scríobhnóireacht d'altanna gonta cursíos, anailíseacha nó dioscúrsacha.

1.3 Míreanna spricthrialacha

Ionta seo beidh sraith de cheisteanna / míreanna dá bhfuiltear ag lorg freagra aonair, cruinn. Ar na ceisteanna / míreanna dá leithéid beidh

Ilroghnach (m. sh. an freagra ceart a chiorcalú, an bosca ceart a mharcáil)

Giotaí le scrios amach

Fíor / Bréagach

Péirí a chomhoiriúnú

Focail in easnamh a sholáthar

Léaráidí a chomhlánadh.

1.4 Ceisteanna ilchodacha

Déanfar na saghasanna eile ceisteanna ag 1.2 thuas a ghrúpáil i gceisteanna struchtúrtha, ilchodacha. Beidh an struchtúr seo a leanas ag na ceisteanna sin :

- Spreagadh (m. sh. léarscáil (Suirbhéireacht Ordanáis agus eile), fótagraf, athfhriotal, ráiteas, graf, staitisticí, líníocht, cartún, gearrtháin as páipéir nuachta, etc.) le ceisteanna / gníomhaíochtaí atá ábharthach don spreagadh agus dá ábhar.
- Ceisteanna / gníomhaíochta a nascann an t-ábhar den spreagthach tugtha d'ábhar an tsiollabais (m. sh. scil, eochair / tuairim, coincheap, etc.)
- Ceisteanna / gníomhaíochtaí a chuireann iachall ar iarrthóirí chun
 - léirmhínithe níos forleithne a dhéanamh
 - comparáid / codarsnacht a dhéanamh
 - conclúidí a tharraingt, forleitheadúla a dhéanamh, tuairim a nochtadh
 - tarraingt ar a n-eispéireas féin
 - a bheith cruthaitheach, etc.

1.5 Difreáil idir Ghnáth agus Ardleibhéil

Cé go mbeidh struchtúr an dá pháipéar cosúil lena chéile smaoinítear go mbeidh difríocht eatarthu ar an mbealach seo a leanas :

- Teanga : beidh an teanga a húsáidfear i ngach páipéar ag teacht le cumas na n-iarrthóirí.
- Ábhar an Chúrsa : beidh na difríochtaí idir ábhar an chúrsa ag Gnáth agus ag Ardleibhéil le feiscint sna páipéir. Ciallaíonn sé seo go mbeidh ar iarrthóirí ag an Ardleibhéil iniúchadh a dhéanamh ar thuairimí eochracha áirithe ag níos mó ná suíomh amháin.
- Ualú / Fócas : Cé go ndéanfar na spriocanna measúnachta uile a thástáil ag an dá leibhéal beidh difríocht idir an t-ualú agus na fócais ag gach leibhéal m. sh.

- ag Gnáthleibhéal tabharfar breis ualaithe d'fhaisnéis a athfháil, tuiscint agus cur i bhfeidhm agus do scileanna praiticiúla agus uimhriúla níos simplí.
- beidh fócas ag an nGáthleibhéal níos mó ar chásanna sainiúla.
- ag an Ardleibhéal tabharfar breis ualuithe do fhreagraí anailíseacha agus breithmheasacha agus do scileanna praiticiúla agus uimhriúla níos casta.
- beidh fócas níos mó ag an Ardleibhéal ar forleithheadúla agus ar phrionabail.

1.6 Banc Ceisteanna

Táthar ag súil le banc ceisteanna a fhorbairt le himeacht aimsire. I dtosach báire tabharfaidh sé cabhair do mhúinteoirí in impleachtú an tsiollabais agus níos déanaí, má chomhaontaíonn an Roinn leis, soláthróidh sé foinse ceisteanna do scrúdaitheoirí.

2. Staidéar Allamuigh

2.1 Ginearálta

- Féadfaidh na hiarrthóirí go léir atá ag glacadh le Tiréolaíocht an Teastais Shóisearaigh staidéar allamuigh a bhur i láthair mar chuid dá measúnú.
- Beidh siad siúd a bhaineann feidhm as an rogha seo saor ó chuid den pháipéar scrúdaithe.
- Rachaidh daltaí atá ag glacadh le rogha an staidéir allamuigh i mbun tionscadail AMHÁIN le cur i láthair ag dáta coinníollach.

2.2 Struchtúr

- Beidh an staidéar allamuigh cumtha ar bhealach chun cumas dhalta chun taisc shimplí iniúchta a léiriú, go háirithe na scileanna láimhséala faisnéise sonraithe sna spriocanna measúnachta san áireamh.

- Ba chóir go mbeadh an iniúchadh bunaithe ar eispéireas ó bhunfhoinse ar a bhfuil obair oirbeach nó tuaithe lasmuigh den rang san áireamh.
- Leagan amach : Féadfaidh leagan amach na tuairisce a sholáthraítear a bheith mar aonad amháin nó mar theaghlaim díobh seo a leanas : scríofa/grafaic, fístéip, clostéip, diosca / téip mhicríomhaire.
- Fad : De bhrí go bhfuil sé aithinte go mbeidh fad na tuairisce difriúil de réir na topaice a roghnaíodh agus an taighde ar tugadh faoi soláthraítear iad seo a leanas mar threoirlínte garbha :

Scríofa / grafaic - 750 / 1,000 focal (Glacfar le níos lú focal, gan amhras áit ina bhfuil cur i láthair ghrafaigh go rí-thábhachtach.

fístéip : 5 – 10 nóiméad

clóstéip : 10 – 15 nóiméad

diosca / téip mhicríomhaire : 10 – 15 nóiméad

do chlár atá idirghníomhach agus níos lú do cheann nach bhfuil idirghníomhach.

2.3 Ionchuir an Dalta


Ba chóir do mhúinteoirí treoirlínte, a sholáthar do dhaltaí ar na teicnicí atá san áireamh sa tionscadal : san staidéar allamuigh agus i dtiomsú na tuairisce araon. Smaoinítear freisin go ndéanfar na staidéir allamuigh a eagrú ar a leithéid de bhealach go díormaí beaga nó móra de dhaltaí. Mar sin féin ba chóir go mba a c(h)uid oibre féin a bheidh sa tuarascáil a sholáthróidh gach dalta.

3. Samplaí de cheisteanna scrúduithe

Seo a leanas sraith de cheisteanna scrúduithe struchtúrtha, ilchodacha atá mar shamplaí den chineál cheisteanna a d'fhéadfaí a úsáid chun an siollabas agus a spriocanna a mheasúnú.

Leibhéal : Gnáthleibhéal

Timthriall an Uisce
THE WATER CYCLE



1. Is acmhainn inathnuaite é uisce. Le cabhair na learáide thuas mínigh Timthriall an Uisce.

2. Talmhaíocht, Tionscal, Turasóireacht

Mínigh cén fáth a bhfuil uisce tábhachtach do gach ceann acu seo.

Talmhaíocht _____

Tionscal _____

Turasóireacht _____

3. Tá aoráidí an-tirime ag réigiúin áirithe den domhan. Níl dóthain uisce acu. Déan cur síos ar DHÁ fhadhb a tharla de bharr eaopa uisce (agus samplaí ó réigiúin ar a bhfuil staidéar déanta agat a thabhairt).

Fadhb 1 _____

Sampla _____

Fadhb 2 _____

Sampla _____

4. I réigiúin áirithe tá scéimeanna uiscithe tógtha ag daoine chun uisce a thabhairt go talamh tirim agus tur.

Samhlaigh gurb fheirmeoir tú i gceann amháin de na réigiúin sin. Déan cur síos ar DHÁ bhealach ina ndearna scéim uiscithe mór id' réigiún athrú níos ar do shlí maireachtála.

Leibhéal : Gnáthleibhéal

1.

Ábhar Orgánach A Léaslíne
B Léaslíne
C Léaslíne

Taispéanann an líníocht seo an léaslíne in ithirphróifíl neamhshaothruithe. Mínigh conas a dhéantar forbairt ar an gciseal uachtarach den léaslíne.

2. “Is mór é tionachar an fhasraidh ar an ithir ar a bhfásann sé.”

Mínigh cén chaoi a bhfuil sé seo fíor i gcás cineáil ithreach amháin a ndearna tú staidéar uirthi.

3. “Tá tionchar tábhachtach ag dálaí ithreach ar céard a tháirgeann feirmeoir”.

Déan cur síos ar DHÁ bhealach ina mbíonn tionchar ag an ithir ar cad a tháirgtear ag feirm.

(i) _____

(ii) _____

4.

ithir

ag treabhadh

leasachán

cruithneacht

síolta

baint an fhomhair


biatas siúcra

ag crú (bléan)


olann

Cuir gach ceann de na focail seo isteach sa bhosca ceart sa léaráid seo den chóras d'fheirm mheasctha.

A. Feirme



Leibhéal : Gnáthleibhéal



Breathnaigh ar an léarscáil :

Tá an Chomhairle tar eis a chinneadh na daoine atá ina gconaí sa cheantar i lár na cathrach a chur go dtí eastál tithíochta ag bruach na cathrach.

Tá dhá shuíomh don eastát tithíochta seo marcáilte ar an léarscáil mar A agus B

1. Scríobh síos buntáiste amháin agus míbhuntáiste amhain do gach suíomh acu mar áit féideartha le haghaidh eastáit
(smaoinigh ar shiopadóireacht, obair, seirbhísí sláinte, caitheamh aimsire, etc.)

Suíomh A Buntáiste _____

Míbhuntáiste _____

Suíomh B Buntáiste _____

Míbhuntáiste _____

2. Ar an léarscáil marcáil leis an litir C áit amháin eile, ag léiriú na háite inar mhaith leatsa cónaí. Tabhair dhá chúis le do rogha.

1. _____

2. _____

3. San mbaile a thaispeántar ar an léarscáil tá an Chomhairle ag aistriú na ndaoine amach ón gcentar i lár na cathrach.

Scríobh alt gearr mar gheall ar bhealach eile ina bhféadfadh an Chomhairle gníomhá. Bain feidhm as samplaí as baile mór nó cathair Éireannach ar bith a ndearna tú staidéar air (uirthi).

4. Cothaíonn fás bailte móra nó cathracha fadhbanna. Déan liosta de thrí cinn díobh seo.

1. _____
2. _____
3. _____

Leibhéal : Gnáthleibhéal

1. “Tá dlús daonra ard ag réigiúin áirithe sa domhan agus tá dlús daonra íseal ag áiteanna eile”.

Iarthar na hÉireann

Gleann abhann na héine
Calcut
Baile Átha Cliath
Sudan
Hong Kong
Poldair na hÍsiltíre

Ón liosta seo, scríobh ainm cheantair amháin de dhlús daonra ard i mBosca A agus ceantar amháin de dhlús daonra íseal i mBosca B.

A

B

2. Breathnaigh ar an liosta sna boscaí laistíos.

Cén ceann díobh seo a fhaightear i gceantair de dhlús ard daonra agus cén a fhaightear i gceantair de dhlús daonra íseal?

Taobh le gach acu, scríobh isteach cé acu DLÚS ARD nó DLÚS ÍSEAL

rátaí ísle pósta	
ganntanas tithíochta	
truailliú forleathan den soláthar uisce	
talamh talmhaíochta tréigthe	

3. Ar an sliocht den léarscáil SO, faigh amach leathinis an Daingin.
Cén fhianaise a léiríonn an léarscáil go bhfuil dlús daonra íseal anseo? (Tabhair giota fianaise AMHÁIN)

4. Samhlaigh go bhfuil tú i do chónaí san gcuid iartharach den réigiún atá taispeáinte ar an léarscáil. Déan cur síos ar DHÁ fhadhb atá ar aghaidh do phobail de bharr titime sa daonra.

1. _____

2. _____

Leibhéal : Ardleibhéal

1. Is sampla ola d'acmhainn TEORANTA (nó NEAMH-INATHRUITHE).

(a) Céard a thuigtear le hacmhainn teoranta?

(b) Déan cur síos ar thrí mhórbhealach éagsúla ina mbaintear feidhm as ola in Éirinn?

(i) _____

(ii) _____

(iii) _____

2. D'fhéadfadh feidhm a bhaint as ola iarmhairtí díobhálacha a bheith aige ar an dtimpeallacht fhisiceach.

(a) Déan cur síos ar bhealach AMHÁIN inar tharla sé seo.

(b) Tarraing léaráid chun do fhreagra a léiriú.


3. Is féidir infheidhmiú ola a léiriú mar shreabhchairt:

Tionscal ceimiceach	toibreacha ola	breosla feithicile
Déocsaoid charbóin	talmhaíocht	píblínte
Scaglann	stáisiúin chumhachta	
	leo ola	

- (a) Ag tosnú le “Toibreacha Ola” eagraigh na focail sin i sreabhchairt.


- (b) Scríobh alt ag míniú an fáth gur eagraigh tú na focail san ord seo.

Leibhéal : Ardleibhéal



1. Breathnaigh ar an ngraf, agus freagair na ceistanna seo
 - (i) Cérbh é daonra Nua-Eabhrach i 1980? _____
 - (ii) Céard é an daonra measta do Sao Paulo do 2000? _____
 - (iii) Tabhair barúil faoin bhfiormhádú i miliúin de dhaonra i gCalcúta idir 1960 agus 1980? _____
 - (iv) Céard é an bealach ina bhfuil na treochta a léiríodh do chathracha an domhain i mbéal forbartha difriúil ós na cinn eile? _____
2. Cén fáth go bhfuil na cathracha den domhan i mbéal forbartha ag fás chomh tapaigh sin? Tabhair DHÁ chúis dea-mhínithe.

3.



- (a) Taispéanann an fótagraf seo cuid de chathair. Cén fhianaise atá ann chun a thaispeáint gur chathair í sa domhan i mbéal forbartha. Tabhair píosa fianaise amháin le míniú.

- (b) Déan cur síos ar na fadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ag na daoine atá ina gcónaí sa cheantar a thaispeántar sa tulra den bhfótagraf.

4. I gcathracha Iarthacha ní bhíonn fadhbanna chomh géar sin i gcoitinne leis na daoine i gcathracha i dtíortha i mbéal forbartha.

Agus tagairt a dhéanamh do chathair iartharach AMHÁIN a ndearna tú staidéar uirthi mínigh cén fáth go bhfuil sé mar seo.

Ainm na cathrach a ndearna tú staidéar uirthi.

Leibhéal : Ardleibhéal

1. **Gána**


Figúirí táirgthe agus praghasanna do chócó 1973 – 1986.

Bliain	Táirge Cócó (go hachomair)	Praghsanna Cócó (go hachomair)
1973	343,000 tona	£ 300 an tona
1977	271,000 tona	£3,000 an tona
1981	230,000 tona	£ 900 an tona
1986	240,000 tona	£1,500 an tona

- (a) Ós na figúirí atá léirithe sa tábla thuas ríomhaigh amach an méid de theacht isteach a bhí ag Gána ar onmhuiú cócó i

1973 _____

1986 _____



- (c) Scríobh alt gearr ag cur síos ar an dtionchar a d'fhéadfadh a bheith ag pragsanna chomh héagsúil go forleiththeadúil ar (i) an tír táirgthe (ii) an tomhaltóir.

(i) _____

(ii) _____

2. “I margadh tráchtarraí an domhain ní bhfaigheann tíortha táirgthe margadh i gcónaí”.

An aontaíonn tú leis an ráiteas seo? _____

Mínigh do fhreagra, le tagairt do thráchtarra idirnáisiúnta amháin a ndearna tú staidéar air.

Ainm an thráchtarra _____

3. Maidir le tír táirgthe bocht amháin a ndearna tú staidéar uirthi mol trí bhealach ina bhféadfadh tíortha tomhaltóra níos saibhre cabhrú chun a geilleagar a neartú.

Ainm na tíre táirgthe _____

(i) _____

(ii) _____

(iii) _____
